
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Clár Oibre 2023











# Ár bhFís:

## Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



# An Clár Ábhar

| | | |
|---|---|---|
| 01 | An Brollach | 4 |
| 02 | Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna | 5 |
| 03 | Tosaíochtaí Straitéiseacha | 7 |
| 04 | Ár Straitéis a Chur i gCrích – Clár Oibre 2023 | 8 |
| 05 | Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde | 11 |
| 06 | Ceimiceáin | 13 |
| 07 | Faireachas Margaidh | 14 |
| 08 | Creidiúnú | 15 |
| 09 | Éifeachtacht Oibríochta | 16 |
| 10 | Feidhmíocht a Thomhas | 17 |



Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Gach ceart ar cosaint.

# 01 An Brollach

Is í seo an dara bliain a bhfuil Ráiteas Straitéise 2022–2024 dár gcuid agus Straitéis Creidiúnaithe 2022–2026 á gcur i bhfeidhm. Léirítear sa chlár oibre a chuirtear i láthair anseo na treochtaí agus an treo atá in ionaid oibre agus sa tsochaí i láthair na huaire agus an chaoi a bhfreagróidh an tÚdarás don mhéid sin agus é ag cur a fhís de shaolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla i gcrích.

Mar gheall ar bhunú rannóige nua a dhíríonn ar Shláinte Cheirde, tá an tÚdarás i suíomh anois a fhágann gur féidir béim níos mó ná riamh a leagan ar bhaol sláinte ceirde ar nós guaiseacha a eascraíonn as neamhchosaint ar oibreáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha agus as rioscaí síceasóisialta agus eirgeanamaíochta. Beidh an bhéim sin le feiceáil inár n-iarrachtaí cigireachta ar fud na n-earnálacha ar fad agus sa chaoi a gcuirimid treoir agus comhairle ar fhostaithe agus ar fhostóirí.

Mar Údarás, táimid tiomanta don chomhoibriú, don chomhairliúchán agus don chumarsáid leis na páirtithe leasmhara ar fad. Creidimid freisin gur samhail í sin a chaithfidh a bheith i bhfeidhm i ngach ionad oibre le go gcuirfidh gach duine leis an bhfís le haghaidh saolta agus fiontair shláintiúla agus shábháilte. Chuige sin, tógfaimid ar an obair ar cuireadh tús léi in 2022 chun feasacht agus glacadh an róil mar ionadaí sábháilteachta a spreagadh. Tá tábhacht straitéiseach leis an ról sin don Údarás agus, i dteannta fostaithe agus fostóirí, cuirfimid comhairle agus tacaíochtaí ar fáil chun an líon ionadaithe sábháilteachta a mhéadú ar fud na n-earnálacha ar fad agus chun plé leo nuair atáimid i mbun cigireachtaí. Iniúchfaimid freisin na roghanna chun tionchar a imirt ar rannpháirtíocht le hearnálacha éagsúla, sláinte agus cúram sóisialach ar earnáil tosaíochta é dúinn ina measc, agus an rannpháirtíocht sin a fheabhsú.

Agus muid ag leanúint ag leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le cosc inár gcláir sábháilteachta agus sláinte ceirde, is eol dúinn nach mbaineann cigireacht leo siúd ag a bhfuil dualgais a thabhairt chun cuntais amháin, ach go bhfuil tábhacht léi chun básanna, gortuithe agus tinnis san ionad oibre a chosc freisin. Sin é an fáth a bhfuilimid ag méadú líon ár gcigireachtaí agus ag díriú ar ionaid oibre agus ar ghníomhaíochtaí oibre faoi leith trí raon cigireachtaí réamhghníomhacha agus feachtais spriocdhírithe.

Sa dara bliain seo den Straitéis Creidiúnaithe a chur i bhfeidhm, beimid ag díriú ar an rannpháirtíocht a mhéadú leis na cliaint atá againn faoi láthair agus leis na cliaint a bheidh againn amach anseo, agus ar fheasacht a fhorbairt ar an ról a bhíonn ag an gcreidiúnú sa tsochaí agus sa ghnó. Leanfaimid ag obair freisin le comhghleacaithe Rialtais chun glacadh agus úsáid an chreidiúnaithe a spreagadh i soláthair seirbhísí poiblí agus i bhforbairt beartas agus reachtaíochta náisiúnta.

Beidh fócas láidir AE ag ár gcláir ceimiceán agus faireachais margaidh sa bhliain amach romhainn agus muid rannpháirteach i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmithe AE agus ag rannchuidiú mar Údarás Inniúil le forbairtí a bhaineann leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallachta Saor ó Thocsaineach ón Aontas Eorpach. Tríd an obair sin, díreoimid ar tháirgí a chuirtear ar mhargadh na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíonann siad reachtaíocht ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha agus go mbíonn tomhaltóirí, úsáideoirí gairmiúla agus úsáideoirí tionsclaíocha sábháilte nuair a bhaineann siadsan úsáid astu freisin.

Beimid dírithe fós ar Údarás a thógáil a oibríonn do chách. Leanfaimid ag earcú agus ag forbairt foirne ionas gur féidir linn na hacmhainní ar fad a theastaíonn a chur ar fáil dár struchtúr nua eagraíochta. Tabharfaimid isteach ár gcroí-ardán TF nua de réir a chéile chun tacú lenár gcláir rialála ar fad. Cuirfimid ár straitéisí nua Daoine, Sonraí agus Cumarsáide i bhfeidhm. De réir mar a chuirtear na hiarrachtaí inmheánacha sin i bhfeidhm, feicfidh ár bpáirtithe leasmhara, ár gcomhghleacaithe agus ár gcomhoibrithe Údarás atá ag comhlíonadh a n-ionchas agus a riachtanas, ní hamháin in 2023 ach amach anseo freisin.



**Mark Cullen**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach*

# 02 Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna

## Fís

**Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.**

## Misean

**Rialálaimid agus cuirimid chun cinn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí. Soláthraímid an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe.**

## Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



Go fadtéarmach, teastaíonn uainn saol oibre sábháilte agus sláintiúil a bhaint amach do mhuintir na hÉireann agus timpeallacht a chothú ina mbíonn gnóthaí in ann fás agus forbairt

## Luachanna

### Ár gCroí-Luachanna:


- **Comhoibriú**
  Éistimid, téimid i gcomhairle agus comhoibrímid le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

- **Oscailteacht**
  Fáiltímid roimh dhearcthaí éagsúla agus muid ag déanamh ár ndíchill a bheith ionchuimsitheach i ngach a ndéanaimid. Spreagaimid cumarsáid oscailte agus ionraic.

- **Freagrúlacht**
  Téimid in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú agus spreagaimid feabhsúchán leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí le heolas a dhéanamh don mhéid a dhéanaimid, agus déanaimid an méid a fhoghlaimímid a mheasúnú agus a roinnt.

- **Eitic**
  Seasaimid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eitice is airde. Gnóthóimid iontaoibh trí bheith cuntasach agus ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach cóir, neamhspleách agus trédhearcach.

# 03 Tosaíochtaí Straitéiseacha



# 04 Ár Straitéis a Chur i gCrích

## Clár Oibre 2023

**Ceapadh Clár Oibre 2023 de chuid an Údaráis chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích. Leagtar amach thíos na príomhréimsí cláir faoi gach tosaíocht straitéiseach.**

## Rialáil

**Méadóimid an bhéim ar chomhlíonadh trí reachtaíocht, cigireacht, faireachas agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca.**

### Cigireacht agus Imscrúdú

Méadóimid líon na gcigireachtaí a chuirimid i gcrích mar chuid dár gcláir forfheidhmithe dár sainorduithe ar fad – sábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceáin agus faireachas margaidh. Déanfaimid cigireachtaí réamhghníomhacha agus rioscabhunaithe ar fud na n-earnálacha ar fad, le béim faoi leith ar earnálacha ardriosca agus tosaíochta – talmhaíocht, foirgníocht, iompar agus stóráil, sláinte agus cúram sóisialach, agus táirgeadh agus stóráil ceimiceán. Forbróimid cláir nua rialála agus comhlíonta le haghaidh na n-earnálacha fóntas, dramhaíola agus déantúsaíochta. Tabharfaimid tús áite do ghníomhaíocht imscrúdaithe chun iad siúd ag a bhfuil dualgais agus a nochtann a bhfostaithe agus daoine eile do leibhéil dho-ghlactha riosca a eascraíonn as neamhchomhlíonadh a gceanglas reachtúla a thabhairt chun cuntais. Imscrúdófar gach bás a bhaineann leis an obair.

### Feidhmeanna an Údaráis Náisiúnta Inniúil agus Ainmnithe

Comhlíonfaimid feidhmeanna Údaráis Inniúil an Údaráis mar a leagtar amach sa reachtaíocht sna réimsí seo a leanas – REACH, COMAH, CLP, Glantaigh, Onnmhairiú/Allmhairiú, Faireachas Margaidh, Substaintí Contúirteacha, iompar earraí contúirteacha de bhóthar, innealra, ardaitheoirí, trealamh cosanta pearsanta, ATEX, brú-threalamh, fearais gháis tráchtála agus brú-threalamh iniompartha.

Cuimseofar leis sin rannpháirtíocht le hÚdaráis Inniúla eile agus soláthar comhairle teicniúla, faofa agus cigireachtaí. Leanfaimid ag cur an Deasc Chabhrach Ceimiceán náisiúnta ar fáil le haghaidh REACH, CLP agus reachtaíocht ceimiceán eile.

### Faireachas Margaidh

Measúnóimid comhlíonadh reachtaíocht ábhartha uile an Aontais Eorpaigh laistigh dár sainordú trí chigireachtaí faireachais réamhghníomhacha agus frithghníomhacha ar tháirgí a iompórtáiltear, a dhíoltar ar líne agus a dháiltear ar mhargadh na hÉireann. Leanfaimid ag tacú le gnóthaí a iompórtálann táirgí, agus ag cur comhairle orthu, agus iad ag obair chun ceanglais rialála agus caighdeáin táirgí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd a iompórtálann táirgí as an mBreatain Mhór. Leanfaimid ag forbairt feasachta i measc tomhaltóirí agus oibrithe ar an tábhacht a bhaineann le táirgí a cheannach agus a úsáid go sábháilte.

### Tacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) maidir le beartais agus tograí reachtaíochta a fhorbairt a bhaineann le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán agus faireachas margaidh ar tháirgí go náisiúnta, agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

# Cur Chun Cinn

**Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc.**

## Tacaíocht Fiontraíochta agus Fostaithe

Leanfaimid ag cur tacaíochtaí agus comhairle ar fáil d'fhostóirí agus d'oibrithe trínár nAonad Teagmhála, ár suíomh gréasáin, ár bhfoilseacháin agus ár ríomh-uirlisí (farmsafely.com, hsalearning.ie, BeSMART.ie agus WorkPositive.ie) chun a chur ar a gcumas a n-oibleagáidí sábháilteachta agus sláinte ceirde a chomhlíonadh. Cuirfidh ár n-acmhainní riachtanais shonracha na ndaoine is mó a bhíonn i mbaol san áireamh, ar nós oibrithe leochaileacha agus oibrithe imirceacha agus oibrithe sa gheilleagar poistíneachta, ag cinntiú go bhfuil an treoir, an chomhairle agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil dóibh siúd agus dá gcomhlachtaí ionadaíochta soiléir agus éasca le teacht orthu. Forbróimid measúnuithe riosca agus cúrsaí feasachta ar líne chun eolas atá éasca le húsáid a sholáthar faoi shábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre.

## Oibrithe agus Obair sa Todhchaí

Tacóimid le cur i bhfeidhm an Rialtais dá straitéis agus reachtaíocht cianoibre trí threoir agus comhairle faoi shocruithe cianoibre a choinneáil cothrom le dáta. Forbróimid acmhainn nua idirghníomhach le haghaidh bunscoileanna chun cur leis na hacmhainní atá ar fáil cheana féin le haghaidh scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile.

# Tionchar

**Tabharfaimid faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun ár sainorduithe a chur i gcrích agus ár bhfís a bhaint amach.**

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Sa talmhaíocht, oibreoimid leis an gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta chun an tríú bliain den Phlean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta, 2021–2024 a chur i bhfeidhm. San fhoirgníocht, tógfaimid ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo sa Phlean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, 2022–2024. Breathnóimid ar roghanna le haghaidh comhoibriú nó rannpháirtíochta le hearnálacha ar nós sláinte agus cúram sóisialach. Tacóimid le himeachtaí a reáchtálfar chun comóradh a dhéanamh ar 60 bliain de NISO.

## Ionchur le Beartas an Aontais Eorpaigh

Cinnteoimid go rannchuidíonn an tÚdarás go héifeachtach le coistí agus meithleacha an Aontais Eorpaigh atá ag forbairt beartas maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú.

Leanfaimid ag lorg deiseanna chun róil stiúrtha a ghlacadh ar choistí agus meithleacha sonracha de réir ár leasanna náisiúnta agus straitéiseacha. I réimse na gceimiceán, leanfaimid ag glacadh páirt ghníomhach i gcoistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpach agus leasú Rialachán REACH agus CLP. Leanfaimid mar chomhpháirtí i ngrúpa Ballstát an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí do thomhaltóirí mar gheall ar neamhchosaint ar íogróirí ceimiceacha. Ullmhóimid sainchomhaid chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuibhiú (CLH) agus cuirfimid faoi bhráid ECHA iad. Tabharfaidh ár gcomhaltaí ar choistí ECHA faoi thréimhse mar rapóirtéirí freisin chun tuairimí eolaíochta a fhorbairt.

# Creidiúnú

**Cuirfimid an straitéis creidiúnaithe i gcrích.**

Déanfaidh an clár in 2023 gníomhartha le haghaidh bhliain 2 den straitéis creidiúnaithe a chur i bhfeidhm agus i gcrích. Leanfaidh INAB ag díriú ar chreidiúnuithe nua a bhronnadh agus ar mhonatóireacht chomhréireacht na gcreidiúnuithe atá i gclár INAB cheana féin. Tabharfaimid tacaíocht agus sainchomhairle do chliaint, an tionscal agus an Rialtas maidir le measúnú comhréireachta agus creidiúnú, lena n-áirítear tionchar an Bhreatimeachta.

Forbrófar réimsí nua creidiúnaithe de réir mar is gá freisin. Déanfar ionadaíocht orainn ag príomhchoistí Eorpacha agus idirnáisiúnta le haghaidh ceisteanna teicniúla agus cur i bhfeidhm an chreidiúnaithe.

# An Chaoi a nOibrímid

**Feabhsóimid agus athróimid ó bhonn go leanúnach an chaoi a n-oibrímid trí dhaoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht.**

## Earcaíocht

Leanfaimid lenár gclár cuimsitheach earcaíochta agus forbartha foirne nua chun tacú lenár struchtúr eagraíochta leasaithe. Forbróimid ár straitéis Forbartha Daoine agus Eagraíochta chun forbairt, tacaíocht agus rannpháirtíocht na foirne a ailíniú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Oiriúnóimid ár samhail eagraíochta chun aghaidh a thabhairt ar chianoibriú agus ar oibriú solúbtha. Beidh aird chuí againn ar an sprioc go mbeadh 6% ar a laghad d'fhoireann an Údaráis ina ndaoine atá faoi mhíchumas, a thagann leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ón Rialtas.

## Córais agus Sonraí

Leanfaimid ag forbairt ár gcroí-ardáin TFC chun cleachtais oibre níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bhaint amach chun tacú lenár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh a chomhlíonadh. Cuirfimid i bhfeidhm ár straitéis sonraí chun a chinntiú go mbeidh an tÚdarás ina eagraíocht a spreagtar ag sonraí agus atá bunaithe ar fhianaise. Tabharfar aghaidh sa straitéis sin ar an gcaoi a mbailímid, a dtuairiscímid, a n-anailísímid, a roinnimid agus a measúnóimid faisnéis agus sonraí ar fud an Údaráis agus lasmuigh den eagraíocht.

## Ceanglais Níos Leithe na hEarnála Poiblí a Chomhlíonadh

Comhlíonfaimid na ceanglais i straitéisí earnála poiblí eile, ina measc Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) mar a leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chomh maith le spriocanna agus gníomhartha aeráide na hearnála poiblí.



**Cothóimid clár creidiúnaithe do na cliaint atá againn faoi láthair agus do chliaint iarratasóra**

# 05 Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Rialáil | Cur Chun Cinn | Tionchar

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- imscrúdú ar gach timpiste mharfach a thuairiscítear don Údarás,
- 10,000 cigireacht réamhghníomhach a chur i gcrích trí fheachtais shonracha agus cigireachtaí spriocdhírithe sna hearnálacha geilleagracha ar fad,
- béim faoi leith a leagan inár gcigireachtaí ar earnálacha, gníomhaíocht oibre agus guaiseacha sonracha mar seo a leanas:
    - gníomhaíocht oibre lena mbaineann fuinneamh in-athnuaite, fóillíocht agus siamsaíocht, iompar agus lóistíocht,
    - rioscaí síceasóisialta, bulaíocht agus strus san ionad oibre ina measc,
    - oibrithe leochaileacha agus oibrithe sa gheilleagar poistíneachta,
    - foréigean agus forrántacht,
    - neamhchosaint ar oibreáin bhitheolaíocha,
    - neamhchosaint ar tháirgí tionsclaíocha agus substaintí a ghineann próisis is cúis le hailse nó sócháin (ceimiceáin charcanaigineacha agus shó-ghineacha) agus deannach silice,
    - gníomhaíochtaí láimhsithe ualaí de láimh agus láimhseála daoine,
    - gníomhaíochtaí slándála lastais, bainistíochta tráchta, sábháilteachta innealra agus innealtóireachta,
- tacaíochtaí agus comhairle a ullmhú sna réimsí seo a leanas:
    - déantúsaíocht, dearadh agus tógáil shábháilte tithíochta creat adhmaid,
    - úsáid ar bhóithre a bhaineann leis an obair,
    - sciorrthaí, tuislí agus titimí san earnáil cóiríochta agus bia,
    - bainistíocht sábháilteachta agus sláinte ceirde i saoráidí dramhaíola,
    - sábháilteacht dóiteáin san ionad oibre,
    - rioscaí sonracha agus bearta rialaithe le haghaidh oibrithe aonair,
- treoir an Údaráis maidir le cianoibriú a chur chun cinn agus tacú le tionscnaimh eile Rialtais sa réimse sin,
- ról an ionadaí sábháilteachta a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le hionadaithe fostaithe agus fostóirí. Inár gcigireachtaí ar fad, beimid ag plé, ag cur comhairle agus i mbun cumarsáide leis an ionadaí sábháilteachta go gníomhach,

- an treoir, na tacaíochtaí, na ríomhuirlisí agus an reachtaíocht nua ar fad a chur chun cinn, agus béim faoi leith ar an méid seo a leanas:
    - reachtaíocht ar fheithiclí ilraoin agus cuadrothair, a thiocfaidh i bhfeidhm i mí na Samhna 2023,
    - treoir le haghaidh modhnóirí inneachair,
    - treoir maidir le saotharlanna a oibríonn le hoibreáin bhitheolaíocha,
    - acmhainní agus tacaíochtaí síceasóisialta agus meabhairshláinte,
    - tuairisciú timpistí, gortuithe agus tinneas ag gach earnáil, ina measc fógraí faoi aispeist agus oibreáin bhitheolaíocha,
- trí chúrsa ríomhfhoghlama nua a fhorbairt chomh maith le cúrsa sábháilteachta idirghníomhach le haghaidh bunscoileanna,
- tacaíocht theicniúil a thabhairt do RFTF maidir leo seo a leanas:
    - leasuithe beartaithe ar na Rialacháin maidir le Cairéil agus na Rialacháin maidir le Foirgníocht,
    - trasuí na Treorach maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha is nuaí sa reachtaíocht náisiúnta,
    - tús a chur le nuashonrú an Chóid Cleachtais maidir le Leibhéil Nochta Ceirde chun luachanna teorann nochta nua a léiriú,
- Cód Cleachtais maidir le Cáilíocht an Aeir Laistigh a fhoilsiú agus a chur chun cinn chun tacú le comhlíonadh reachtaíochta nua Rialtais sa réimse sin,
- machnamh a dhéanamh ar na roghanna chun tionchar a imirt ar rannpháirtíocht le hearnálacha, an earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh ina measc, agus an rannpháirtíocht sin a fheabhsú,
- gníomhartha a sannadh don Údarás sa Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021–2024 a chur i gcrích, go sonrach maidir le forbairt straitéise idirghabhála comhpháirtí idir an tÚdarás, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána. Tacóimid le forbairt prótacail comhroinnte sonraí chun éascaíocht a dhéanamh do shainaithint imbhuailtí bóthair a bhaineann leis an obair,
- páirt a ghlacadh i gCoiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC) de chuid an Aontais Eorpaigh, agus a Mheithleacha, chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú reachtaíocht an Aontais ar an leibhéal náisiúnta. Beimid inár gcathaoirleach ar fhoghrúpa SLIC MACHEX maidir le Digitiú agus Róbataic agus comhordóimid rannpháirtíocht na hÉireann sa chóras chun faisnéis a bhaineann le forfheidhmiú a roinnt idir na Ballstáit, agus
- páirt a ghlacadh sa Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH) de chuid an Aontais Eorpaigh agus cur le nuashonruithe ar Threoir AE maidir le hIonaid Oibre, Treoir AE maidir le Trealamh Scáileáin Taispeána agus tograí le haghaidh teorainneacha nochta ceirde an Aontais le haghaidh luaidhe.



# 06 Ceimiceáin

Rialáil | Cur Chun Cinn | Tionchar

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- 920 cigireacht a chur i gcrích, ina ndíreofar ar ghníomhaíochtaí ceimiceán ardriosca, agus béim ar réimsí ina bhfuil féidearthacht níos mó go nochtfar daoine le ceimiceáin, ina measc ceimiceáin phróisis, iompair, déantúsaíochta agus úsáide san ionad oibre,
- tús áite a thabhairt do chigireacht láithreán úsáide ceimiceán ardriosca, lena n-áirítear measúnú ar an líon agus na catagóirí substaintí guaiseacha a stóráiltear ag calafoirt,
- beart leantach a dhéanamh mar is cuí ar thimpistí tromchúiseacha, gearáin agus tarchuir ECHA a thuairiscítear,
- páirt a ghlacadh i ngrúpaí saineolaithe de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin (REACH) agus maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP),
- cúig thuairim eolaíochta a ullmhú le haghaidh Choiste ECHA um Measúnú Eolaíoch Riosca chomh maith le Coistí Socheacnamaíocha maidir le húsáidí substaintí a bhfuil imní mhór ag baint leo agus tograí srianta,
- tograí aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe (CLH) le haghaidh substaintí ceimiceacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid ECHA agus substaint 2022 dár gcuid (pipearóinil) a thabhairt trí phróiseas rialála an Aontais Eorpaigh,
- rannchuidiú le forbairt togra srianta nua ar fud an Aontais Eorpaigh faoi REACH chun aghaidh a thabhairt ar íogróirí i meascáin tomhaltóirí,
- saineolas a thabhairt d'Fhóram ECHA maidir le Forfheidhmiú chun tionscadail forfheidhmithe ar fud an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a chur i gcrích maidir le comhlíonadh na mbileog sonraí sábháilteachta agus aicmiú meascán,
- comhdháil náisiúnta a reáchtáil le haghaidh páirtithe leasmhara, ina dtabharfar aghaidh ar fhorbairtí le deireanaí agus atá ag teacht chun cinn i rialáil ceimiceán,
- comhairle a fhorbairt faoi phleanáil úsáide talún, stóráil agus iompar le haghaidh na hearnála táirgthe fuinnimh (m.sh. hidrigin, bithmheatán),
- treoir ceimiceán a forbraíodh le deireanaí a fhoilsiú agus a chur chun cinn,
- treoir atá ann faoi láthair maidir le ceapadh agus dualgais Comhairleora Sábháilteachta Earraí Contúirteacha a nuashonrú, agus
- tacaíocht theicniúil a thabhairt do RFTF chun leasuithe a chur i bhfeidhm ar na hiarscríbhinní a ghabhann le comhaontú ADR a bheidh infheidhme ón 1 Eanáir 2023.

# 07 Faireachas Margaidh




## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- measúnú ar 1,500 táirge ceimiceach agus 500 táirge tionsclaíoch a bheartaítear d'úsáid thionsclaíoch agus tomhaltóra, le haghaidh chomhlíonadh cheanglais an Aontais Eorpaigh,
- seiceáil ar tháirgí neamhchomhlíontacha ábhartha ar mhargadh na hÉireann agus a fógraíodh don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach le haghaidh táirgí contúirteacha nach bia iad (Safety Gate) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS),
- na Ballstáit eile a chur ar an eolas (trí na córais ICSMS agus Safety Gate) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsítear ar mhargadh na hÉireann agus ag a d'fhéadfaí a bheith á dtrádáil ar mhargaí an Aontais Eorpaigh freisin,
- innealra a dhíoltar ag comhlachtaí ceantála agus cuideachtaí innealra ar cíos a sheiceáil,
- tacaíocht agus comhairle rialála a chur ar ghnóthaí a dhéanann, a iompórtálann nó a dháileann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha, iad siúd ón mBreatain Mhór ina measc,
- cur le plé Comhchuibhithe Theicniúil an Aontais Eorpaigh faoi na Rialacháin maidir le hInnealra nua,
- páirt a ghlacadh sna tionscadail Forfheidhmithe REACH ar fud an Aontais Eorpaigh,
- feasacht maidir le húsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc tomhaltóirí,
- comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn táirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha don mhargadh faoina ndualgais, agus
- tabhairt faoi na feachtais AE agus náisiúnta a leanas ina ndíreofar ar:
  - measúnuithe táirge ar shábha ciorclacha agus ardaitheoirí siosúrtha,
  - comhlíonadh Bileog Sonraí Sábháilteachta le haghaidh substaintí nó meascáin ghuaiseacha,
  - substaintí srianta i ngliúnna, greamacháin agus cumhráin seomra,
  - comhlíonadh soláthraithe loinge agus mara i gcás ceimiceáin nó earraí guaiseacha a sholáthraítear ar líne,
  - láithreacht aispeiste i bpillíní coscáin le haghaidh feithiclí dhá roth, agus
  - láithreacht déchlóraimeatáin agus 1-meitil-2-pioróladóin i dtáirgí.

# 08 Creidiúnú

Creidiúnú | Cur Chun Cinn | Tionchar

## Déanfaimid an méid seo a leanas:

- clár creidiúnaithe a chothú do na cliaint atá againn faoi láthair agus do chliaint iarratasóra,
- iarratais nua ar chreidiúnú ó chliaint nua agus ó chliaint atá againn cheana féin a phróiseáil,
- glacadh iarratas a spreagadh le haghaidh gníomhaíocht nua creidiúnaithe a thugtar isteach (íomháú leighis, bailíochtú agus deimhniú agus cigireachtaí feithiclí, mar shampla),
- an ionadaíocht ar fad ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh,
- an fhreagracht reachtúil ar fad mar údarás monatóireachta ar an Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP) a chomhlíonadh,
- Bliain 2 den Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích agus go háirithe:
    - taighde agus anailís a chríochnú chun bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta agus tionchar a imirt air,
    - sraith ábhar cumarsáide a fhorbairt chun feasacht a ardú faoi thairbhí an chreidiúnaithe agus é a chur chun cinn trí fhoilseacháin agus imeachtaí,
    - leanúint le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Rialtais agus náisiúnta chun tionchar a imirt ar úsáid an chreidiúnaithe i soláthar seirbhísí poiblí agus forbairt beartas náisiúnta,
    - fóram a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht le cliaint reatha, agus
    - díriú ar earnálacha chun an t-éileamh ar chreidiúnú a spreagadh.



**Leanfaimid lenár gclár cuimsitheach earcaíochta agus forbartha foirne nua chun tacú lenár struchtúr eagraíochta leasaithe**

# 09 Éifeachtacht Oibríochta

## An Chaoi a nOibrímid

### Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Cumas a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta dhírithe agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí,
- leanúint le hardán nua TFC a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó, a chruthóidh tairbhí ar nós bealaí oibre níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ó cheann go ceann, pleanáil oibre níos fearr, taithí custaiméara níos fearr, fáil ar shonraí cruinne, glana agus iomlána, agus léargais níos fearr,
- scéim phíolótach a chur i bhfeidhm le haghaidh obair chumaiscthe chun éascaíocht a dhéanamh do sholúbthacht mhéadaithe dár bhfoireann agus chun eagraíocht níos sofhreagrúla agus níos freagrúla a fhorbairt,
- creat cuí a fhorbairt chun imeachtaí tromchúiseacha agus géarchéime a bhainistiú,
- na gníomhartha ar fad a leagtar amach don chéad bhliain dár Straitéis Bainistíocht Sonraí, 2023–2025 a chur i bhfeidhm, agus
- Clár Feabhsaithe Slándála Faisnéise a shainiú agus a chur i bhfeidhm, chomh maith lenár bpleananna leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste a chomhdhlúthú.



**Leanúint le hardán nua TFC a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó**


# 10 Feidhmíocht a Thomhas

**Déanfar monatóireacht le raon tomhas idir cháilíochtúil agus chainníochtúil ar an dul chun cinn ar an gClár Oibre bliantúil seo, a phléann leis an dara bhliain a gcuirfear ár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022–2024 i bhfeidhm.**

Inár dTuarascáil Bhliantúil, déanfaimid meastóireacht agus tabharfaimid breithmheas ar chur i bhfeidhm gach bliana dár straitéis, agus díreoimid ní hamháin ar ghníomhaíochtaí a thomhas ach féachfar freisin leis na torthaí straitéiseacha a bhfuil súil leo a thomhas.

Tuairisceoimid go rialta dár mBord agus RFTF ar an gcaoi a bhfuil na príomhtháscairí feidhmíochta thíos ag tacú lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

| Príomhtháscairí Feidhmíochta | Sprioc 2023 |
|---|---|
| Cigireachtaí réamhghníomhacha (sábháilteacht agus sláinte cheirde) | 10,000 |
| Cigireachtaí réamhghníomhacha (An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar) | 920 |
| Cigireachtaí frithghníomhacha | 600 |
| Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Ceimiceacha) | 1,500 |
| Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Tionsclaíocha) | 500 |
| Úsáideoirí nua BeSMART | 7,000 |
| Tuairimí eolaíochta ullmhaithe do Choistí ECHA | 5 |
| Tograí nua chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuibhiú | 2 |
| Cinntí Creidiúnaithe (nua) | 15 |
| Cinntí Creidiúnaithe (athnuaite) | 380 |



**CIGIREACHTAÍ 2023:**

**11,520**

**Lena n-áirítear:**

**10,000** cigireacht réamhghníomhach (sábháilteacht agus sláinte cheirde),

**600** cigireacht frithghníomhach, agus

**920** cigireacht ceimiceán

# Nótaí:

# Nótaí:

# Ár bhFís:

# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Guthán: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

HSA 0517

ISBN 978-1-84496-291-4